Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Aibreán 2022
(OR. en)

8332/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0130(COD)**

**JAI 507**
**COPEN 132**
**EUROJUST 40**
**CODEC 518**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Aibreán 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 187 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le fianaise a bhailiú, a chaomhnú agus a anailísiú in Eurojust ar fianaise í a bhaineann le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus le coireanna cogaidh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 187 final.

Faoi iamh: COM(2022) 187 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.4.2022
COM(2022) 187 final

2022/0130 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le fianaise a bhailiú, a chaomhnú agus a anailísiú in Eurojust ar fianaise í a bhaineann le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus le coireanna cogaidh**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Comhordaíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) imscrúduithe agus ionchúisimh de choiriúlacht thromchúiseach trasteorann san Eoraip agus lasmuigh di. Mar mhol an Aontais Eorpaigh le haghaidh comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, tacaíonn Eurojust leis na húdaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh i ndáil leis an gcoireacht thromchúiseach a bhfuil Eurojust inniúil chun déileáil léi i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1727 ('Rialachán Eurojust'). I measc nithe eile, is coireanna iad cinedhíothú, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh (dá ngairtear 'croíchoireanna idirnáisiúnta' freisin) tá Eurojust inniúil chun déileáil leo.

An 24 Feabhra 2022, thosaigh an Rúis ag ionsaí míleata i gcoinne na hÚcráine. Tá foras réasúnta ann lena chreidiúint go ndearnadh coireanna cogaidh agus coireanna in aghaidh na daonnachta san Úcráin agus go bhfuil siad á ndéanamh san Úcráin. An 2 Márta 2022, d'fhógair Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta go raibh sé ag leanúint ar aghaidh le himscrúdú a oscailt faoin staid san Úcráin[1]. Tá tús curtha ag na seirbhísí ionchúisimh i roinnt Ballstát agus san Úcráin freisin le himscrúduithe ar chroíchoireanna idirnáisiúnta, a dtacaíonn Eurojust leo agus a ndéanann Eurojust comhordú orthu. Tá saineolas agus taithí ag Eurojust chun tacú le himscrúduithe agus ionchúisimh croíchoireanna idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí na gComhfhoirne Imscrúdaithe (JITanna), amhail an ceann a bhunaigh roinnt Ballstát agus an Úcráin i gcomhthéacs na cogaíochta reatha, a éascú. Oibríonn Eurojust i gcomhar freisin le hIonchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta.

Tá na húdaráis náisiúnta ag bailiú fianaise ar na coireanna idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith déanta san Úcráin. Mar thoradh ar an gcogaíocht atá ar siúl faoi láthair, ní féidir fianaise a stóráil go daingean san Úcráin, ag éileamh go ndéanfadh an tAontas áit chúltaca/stórála a dhaingniú go práinneach. Dá bhrí sin, chun comhordú a dhéanamh ar iarrachtaí atá á ndéanamh ag na Ballstáit faoi láthair chun fianaise a bhailiú, is gá stóráil lárnach a bhunú go tapa, i gcás ina bhféadfaí fianaise arna bailiú ag gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais chomh maith le húdaráis náisiúnta agus idirnáisiúnta nó tríú páirtithe amhail eagraíochtaí na sochaí sibhialta a stóráil. Mar sin féin, cé go bhforáiltear le Rialachán Eurojust go dtacaíonn Eurojust le gníomhaíocht na mBallstát maidir le coireacht thromchúiseach a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ní cheadaítear go sainráite do Eurojust fianaise den sórt sin a bhailiú, a chaomhnú agus a anailísiú i ndáil leis an gcuspóir sin.

Chun a chuid cúraimí a dhéanamh, tá córas bainistithe cásanna bunaithe ag Eurojust ina bhfuil sonraí neamhphearsanta agus na sonraí pearsanta dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Eurojust. Is é príomhaidhm an chórais bainistithe cásanna tacú le bainistíocht agus comhordú ar imscrúduithe agus ar ionchúisimh a dtugann Eurojust cúnamh ina leith. Cuireann Rialachán Eurojust srian ar bhunú córas bainistithe cásanna do chomhaid oibre shealadacha, arb é is aidhm dóibh tacú leis an obair leantach ar chásanna leanúnacha, agus innéacs[2]. Tá toirmeasc ar shonraí pearsanta a phróiseáil lasmuigh den chóras bainistithe cásanna[3]. Le linn dó imscrúduithe agus ionchúisimh a chomhordú agus tacú leo, is féidir le

[1] Ráiteas ó Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, Karim A.A. Khan QC, maidir leis an Staid san Úcráin: Tarchur ó 39 Stát is Páirtí a Fháil agus Imscrúdú a Oscailt, an 2 Márta 2022.

[2] Airteagal 23(1) de na Rialacháin Foirne.

[3] Airteagal 23(6) de na Rialacháin Foirne.

Eurojust fianaise a stóráil agus a mhalartú ar bhonn sealadach i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sa Rialachán.

Tá sé molta cheana féin ag an gCoimisiún feabhas a chur ar chóras bainistithe cásanna Eurojust i ndáil le gníomhaíochtaí Eurojust a bhaineann le himscrúduithe agus ionchúisimh cionta sceimhlitheoireachta. An 1 Nollaig 2021, ghlac an Coimisiún togra chun feidhmiú an Chláir Bhreithiúnaigh Frithsceimhlitheoireachta Eorpaigh ag Eurojust a fheabhsú[4]. Mar chuid den togra sin, tá sé beartaithe an córas bainistithe cásanna a nuachóiriú agus an malartú faisnéise idir údaráis inniúla náisiúnta agus Eurojust a dhigitiú.

Léirigh na himeachtaí a tharla le déanaí a bhaineann le hionsaithe na Rúise i gcoinne na hÚcráine go bhfuil géarghá le dul níos faide ná an córas bainistithe cásanna atá ag Eurojust faoi láthair. Leis an struchtúr próiseála sonraí atá ag Eurojust faoi láthair, ní féidir le Eurojust fianaise a bhailiú, a chaomhnú agus anailís a dhéanamh uirthi maidir le croíchoireanna idirnáisiúnta, lena n-áirítear iad siúd ar dócha go ndéanfar iad san Úcráin, mar gheall ar scála na n-imeachtaí agus an líon ollmhór fianaise is gá a stóráil i gcás déanta na gcoireanna sin.

I bhfianaise an méid sin, féachtar leis an togra seo le cur ar chumas Eurojust fianaise a bhailiú, a chaomhnú agus anailís a dhéanamh uirthi maidir le cinedhíothú, coireanna in aghaidh na daonnachta, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla lena mbaineann agus, nuair is gá agus nuair is iomchuí, a mhalartú a chumasú nó í a chur ar fáil ar bhealach eile do na húdaráis bhreithiúnacha inniúla, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ní hionann fianaise a bhailiú agus ról feidhmiúcháin a thabhairt do Eurojust mar údarás imscrúdúcháin, údarás nach mbeadh cumhdaithe ag sainordú Eurojust, ach tá sé ceaptha a áirithiú go bhféadfaidh Eurojust an fhianaise a fháil agus a stóráil go lárnach ó fhoinsí éagsúla. Tríd an méid sin a dhéanamh, is féidir le Eurojust tacú le hobair tógála cásanna in imscrúduithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ar bhealach níos éifeachtaí agus tacaíocht bhreise a chur ar fáil do na seirbhísí inniúla ionchúisimh. Chuige sin, beartaítear leis an togra seo saoráid uathoibrithe um bainistiú agus stóráil sonraí a bhunú lasmuigh den chóras bainistithe cásanna. I bhfianaise íogaireacht na sonraí pearsanta lena mbaineann, ní mór próiseáil na sonraí sin, lena n-áirítear bailiú, caomhnú, anailís agus malartú, a bheith i gcomhréir leis na caighdeáin is airde maidir le cosaint sonraí agus cibearshlándáil.

Is iondúil go mbíonn fianaise ríthábhachtach maidir le croíchoireanna idirnáisiúnta ar fáil i bhfoirm taifeadtaí fuaime, físeán agus grianghraf, i measc nithe eile. D’fhéadfadh íomhánna satailíte a bheith úsáideach freisin chun déanamh na gcoireanna sin a léiriú. Ar an gcúis sin, tá sé mar aidhm ag an togra seo freisin na catagóirí sonraí ar féidir le Eurojust a phróiseáil go dlíthiúil a leathnú go dtí físeáin agus taifeadtaí fuaime chomh maith le híomhánna satailíte agus aon ghrianghraif ábhartha. D’fhonn go mbeidh údaráis bhreithiúnacha náisiúnta agus idirnáisiúnta in ann tairbhe a bhaint as an tacaíocht lánfheidhme is féidir le Eurojust a thabhairt sna himscrúduithe leanúnacha ar croíchoireanna idirnáisiúnta i gcomhthéacs an ionsaithe i gcoinne na hÚcráine, ní mór na leasuithe ar an Rialachán Eurojust atá beartaithe sa togra seo a achtú go práinneach.

[4] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta, COM(2021) 757 final, 1.12.2021.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Cuidíonn an togra leis an gcuspóir a bhaint amach limistéar saoirse, slándála agus ceartais, gan teorainneacha inmheánacha, a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais, i gcás ina nglactar bearta iomchuí chun an choireacht a chosc agus a chomhrac.

Glacadh an togra tar éis ionsaí na Rúise i gcoinne na hÚcráine ós rud é gur léir go mbeadh gá le leasuithe spriocdhírithe ar chreat dlíthiúil reatha Eurojust chun go mbeadh Eurojust in ann na cuspóirí is fearr a chomhlíonadh maidir le tacú agus treisiú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh i ndáil le croíchoireanna idirnáisiúnta arna ndéanamh ag páirtithe sa choinbhleacht.

Tá an togra mar thoradh ar an togra chun Rialachán Eurojust agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle a leasú a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta, a glacadh an 1 Nollaig 2021. Ta an cuspóir céanna ag an dá thogra chun é a chur ar chumas Eurojust a ról níos láidre, dá bhforáiltear i Rialachán Eurojust a chomhlíonadh chun tacú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta a dhéanann coireacht thromchúiseach a imscrúdú agus a ionchúiseamh, agus an comhar sin a neartú.

Tá an dá thogra comhlántach mar go mbaineann siad le foirmeacha éagsúla coireachta (croíchoireanna idirnáisiúnta agus cionta sceimhlitheoireachta) agus go ndéantar foráil leo maidir le hathruithe éagsúla ar ailtireacht próiseála sonraí Eurojust. Is é is aidhm don togra maidir leis an gClár Frithsceimhlitheoireachta Clár den sórt sin a chomhtháthú níos fearr i gcreat dlíthiúil agus teicniúil Eurojust ionas gur féidir le Eurojust naisc a shainaithint idir imscrúduithe agus ionchúisimh chomhuaineacha cionta sceimhlitheoireachta. Tá sé beartaithe leis an togra seo cead a thabhairt do Eurojust fianaise ar chroíchoireanna idirnáisiúnta a bhailiú, a chaomhnú, a anailísiú agus, nuair is gá agus is iomchuí, trí fhoráil a dhéanamh maidir le saoráid uathoibrithe um bainistiú agus stóráil sonraí a bhunú lasmuigh den chóras bainistithe cásanna. Ní mór an chaibidlíocht agus téacs an togra maidir leis an gClár Frithsceimhlitheoireachta a ailíniú leis an togra seo.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Bhain freagairt an Aontais d’ionradh na Rúise ar an Úcráin le roinnt beartas de chuid an Aontais. Mar shampla, ghlac an tAontas pacáiste cuimsitheach láidir de bhearta sriantacha gan mhoill. Tá deireadh curtha leis an Rúis mar náisiún faoi chuimsiú na hEagraíochta Domhanda Trádála agus tá pacáiste éigeandála de bheagnach EUR 550 milliún fógartha aici chun déileáil le hiarmhairtí daonnúla an ionraidh. Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí sin go léir, chomh maith leis an togra seo, a áirithiú go mbeidh uirlisí leordhóthanacha ag an Aontas chun aghaidh a thabhairt, agus lánurraim á tabhairt don smacht reachta agus do chearta bunúsacha, ar iarmhairtí ionsaithe míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine (lena n-áirítear dliteanas coiriúil i leith croíchoireanna idirnáisiúnta a rinneadh i gcomhthéacs na coinbhleachta). Is é bunsprioc na ngníomhaíochtaí sin uile an tsíocháin a athbhunú, agus is é cur chun cinn na síochána an chéad cheann de chuspóirí an Aontais.

Tá an togra comhsheasmhach le róil chomhlántacha Europol agus Eurojust. Tacaíonn agus treisíonn Europol le gníomhaíocht údaráis inniúla um fhorghníomhú an dlí sna Ballstáit agus lena gcomhar frithpháirteach chun cinedhíothú, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh a chosc agus a chomhrac, agus tá ról comhchosúil ag Eurojust vis-à-vis na húdaráis bhreithiúnacha. Bhunaigh Europol na “Tionscadal Anailíse maidir le Croíchoireanna Idirnáisiúnta” freisin. Tríd an Tionscadal Anailíse seo a bhunú, tá sé mar aidhm ag Europol tacú le húdaráis inniúla na mBallstát, tríú páirtithe agus eagraíochtaí chun coireanna idirnáisiúnta amhail cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna

cogaidh a chosc agus a chomhrac, mar shampla trí fhaisnéis agus faisnéis faoi choireanna den sórt sin a anailísiú. Déanfaidh Eurojust agus Europol comhordú agus comhoibriú i gcomhthéacs a sainorduithe faoi seach, lena n-áirítear tríd an gcomhaontú oibríochtúil a shínigh siad in 2010 a thabhairt cothrom le dáta chun a n-éifeachtacht a mhéadú maidir le coireacht thromchúiseach a chomhrac, rud a thagann faoina n-inniúlachtaí faoi seach, agus chun dúbailt oibre agus acmhainní a sheachaint.

Leis an togra seo, cuirtear acquis an Aontais maidir le cosaint sonraí san áireamh agus urramaíonn sé ina iomláine é.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 85 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Is é Airteagal 85 CFAE an bunús dlí do Rialachán Eurojust, arb é is aidhm dó an togra seo a leasú. Déantar foráil le hAirteagal 85 CFAE go ndéanfar Eurojust a rialú le rialachán a ghlacfar i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach. Le Rialachán Eurojust, leagtar síos na rialacha maidir le bunú agus feidhmiú chóras bainistithe cásanna Eurojust.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is réimse inniúlachta roinnte idir an tAontas agus na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 4(2) CFAE é an limistéar saoirse, slándála agus ceartais a nglactar an togra seo ina leith. Dá bhrí sin, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, mar a leagtar síos in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach(CAE), níor cheart gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ach amháin nuair nach féidir leis na Ballstáit aidhmeanna na gníomhaíochta atá beartaithe a ghnóthú go leordhóthanach agus, dá bhrí sin, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe, gur fearr is féidir í a ghnóthú ar leibhéal an Aontais.

Tá impleachtaí móra ag croíchoireanna idirnáisiúnta, fiú nuair nach ndéantar iad ach in aon tír amháin agus lasmuigh den Aontas, do shlándáil agus do chobhsaíocht na hEorpa agus an domhain. I gcomhréir le prionsabal na comhlántachta, nuair nach bhfuil Stát toilteanach nó neamhábalta iarbhír imscrúdú nó ionchúiseamh na gcoireanna sin a dhéanamh in ainneoin é a bheith inniúil é sin a dhéanamh, féadfaidh an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta coireanna den sórt sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ar choinníoll go bhfuil dlínse aici.

Dá bhrí sin, ní féidir le gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta amháin ionchúiseamh croíchoireanna idirnáisiúnta a áirithiú go héifeachtach. Ní mór do na Ballstáit oibriú le chéile chun iad a imscrúdú agus a ionchúiseamh agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna. I measc na ndúshlán sin, is dúshláin thábhachtacha iad na dúshláin a bhaineann le fianaise a bhaineann le croíchoireanna idirnáisiúnta a bhailiú, a chaomhnú agus a anailísiú, agus mar sin is dúshláin thábhachtacha iad sin a bhaineann le rochtain ar an bhfianaise sin agus le malartú na fianaise sin ag na húdaráis náisiúnta agus idirnáisiúnta ar féidir leo na coireanna atá idir lámha a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Mar ghníomhaireacht an Aontais um chomhar i bhforfheidhmiú an dlí, is léiriú láidir é Eurojust ar an iarracht seo atá ar bun ag na Ballstáit chun déantóirí na gcoireanna gráiniúla sin a thabhairt os comhair na cúirte ach oibriú le chéile. Tá Eurojust suite go hidéalach chun fianaise den sórt sin a bhailiú, a chaomhnú agus a anailísiú agus, nuair is gá agus inarb iomchuí, a malartú a chumasú nó í a chur ar fáil ar bhealach eile do na húdaráis bhreithiúnacha inniúla náisiúnta nó idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta. Áirítear ar na húdaráis bhreithiúnacha sin, i gcomhréir le Rialachán Eurojust, seirbhísí ionchúisimh.

Dá bhrí sin, tá gá sonrach le gníomhaíocht ón Aontas. Beartaítear leis an togra seo bearta a bhfuil gné intreach an Aontais ag baint leo. Is é is aidhm dóibh cumas Eurojust gníomhú a fheabhsú agus cur ar chumas Eurojust a phríomhchuspóir a chomhlíonadh maidir le tacú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh i ndáil le cinedhíothú, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh, agus an comhordú agus an comhar sin a neartú. Ní féidir an cuspóir sin a bhaint amach ach ar leibhéal an Aontais, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 5(4) de CAE, ní mór cineál agus déine birt ar leith a bheith ag freagairt le cineál agus le déine na faidhbe a sainaithníodh. Leis na fadhbanna a dtugtar aghaidh orthu sa togra seo, éilítear tacaíocht ar leibhéal an Aontais ar na Ballstáit chun dul i ngleic leis na fadhbanna sin go héifeachtach. Is é is aidhm don togra a áirithiú go bhféadfaidh Eurojust, i dteannta na gcúraimí agus na gcumhachtaí atá aige faoi láthair agus gan dochar dóibh, fianaise maidir le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh a bhailiú, a chaomhnú agus anailís a dhéanamh uirthi agus, nuair is gá agus nuair is iomchuí, í a mhalartú nó í a chur ar fáil ar bhealach eile do na húdaráis inniúla náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta; Dá bhrí sin, ní bhaineann sé le gach cineál eile coireachta tromchúisí a bhfuil Eurojust inniúil déileáil leo i gcomhréir le Rialachán Eurojust. Gan na leasuithe a mholtar sa togra seo, d'fhéadfadh sé nach mbeadh Eurojust in ann a ról lárnach a chomhlíonadh maidir le tacú le comhar idir údaráis náisiúnta na mBallstát agus iad a neartú i dtaca le himscrúdú agus ionchúiseamh croíchoireanna idirnáisiúnta.

Leis an togra seo tugtar isteach mionathruithe ar Rialachán Eurojust nach ndéanann ollchóiriú ar a struchtúr agus nach n-athraíonn feidhmiú Eurojust. Ní dhéantar aon difear do chumhachtaí ná do chúraimí reatha Eurojust. Neartaíonn na leasuithe atá molta ról Eurojust mar atá beartaithe cheana féin leis an Rialachán agus cuirtear san áireamh leo íogaireacht na sonraí atá le próiseáil agus an gá atá lena gcosaint a áirithiú. Dá bhrí sin, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ní théann an togra thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Leasaítear Rialachán Eurojust leis an togra. Is é Airteagal 85 CFAE an bunús dlí do Rialachán Eurojust agus déantar foráil leis go ndéanfar Eurojust a rialú le rialachán a ghlacfar i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ghlac an Coimisiún an togra seo go práinneach mar thoradh ar roinnt malartuithe – ar bhonn déthaobhach nó i gcomhthéacs cruinnithe comhchoiteanna – le Eurojust agus le húdaráis náisiúnta atá bainteach le himscrúduithe ar chroíchoireanna idirnáisiúnta, chomh maith le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus eintitis eile de chuid an Aontais. Léirigh siad go léir an gá atá le fianaise a stóráil go lárnach chomh maith leis na srianta atá ar chóras bainistithe cásanna Eurojust faoi láthair agus an tionchar atá acu ar chumas Eurojust tacú agus treisiú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh i ndáil le croíchoireanna idirnáisiúnta, lena n-áirítear na coireanna sin a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcomhthéacs na cogaíochta reatha san Úcráin.

Ina theannta sin, rinneadh comhairliúchán fairsing in 2021 i gcomhthéacs ullmhú an togra maidir le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta[5], lena ndeimhnítear an gá atá le feabhas a chur ar chóras bainistithe cásanna Eurojust.

Faoi dháta foilsithe an togra seo, ghlac Eurojust páirt i ngach ceann de na sé chruinniú de chuid Tascfhórsa Freeze agus Seize an Choimisiúin, a bunaíodh ag tús mhí an Mhárta 2022 chun comhordú a áirithiú i measc na mBallstát i bhforfheidhmiú bhearta sriantacha an Aontais i gcoinne daoine agus cuideachtaí liostaithe na Rúise agus na Bealarúise, agus chun an t-idirghníomhú a d'fhéadfadh a bheith ann idir bearta sriantacha agus bearta dlí choiriúil a fhiosrú.

Ghlac an Coimisiún páirt sa dá chruinniú urghnácha den Líonra um Chinedhíothú – a bhfuil a Rúnaíocht á óstáil ag Eurojust – a bhí dírithe ar an staid san Úcráin (11 Márta 2022 agus 5 Aibreán 2022), inar chuir Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta in iúl freisin go raibh gá le fianaise a stóráil go lárnach, lena n-áirítear Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta. Ardaíodh na saincheisteanna céanna freisin i roinnt cruinnithe de chuid Choláiste agus Bhord Feidhmiúcháin Eurojust.

- **Measúnú tionchair**

I bhfianaise na práinne eisceachtúla, ní fhéadfaí aon mheasúnú tionchair a dhéanamh agus cuireadh deireadh leis an oibleagáid ábhartha. Mar sin féin, níl sé mar aidhm leis an togra ach feabhas breise a chur ar chumas Eurojust a chuid cuspóirí a leagtar síos i Rialachán Eurojust a bhaint amach trí réiteach teicniúil atá cothrom le dáta a bhunú laistigh de Eurojust chun tacú le húdaráis na mBallstát agus iad ag déileáil le cinedhíothú, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh. Ní athraíonn an togra seo na príomhphrionsabail a thacaíonn le feidhmiú Eurojust ná leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana maidir le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, ná ní chuireann sé srian ar bhealach ar bith ar na cumhachtaí agus ar na cúraimí atá ag Eurojust cheana féin. Tá an tionchar a mheastar a bheidh ag na leasuithe atá beartaithe an-teoranta ós rud é nach dtugtar isteach leis an togra ach cúram sonrach amháin breise do Eurojust. Ceadaíonn sé feidhmiúlacht theoranta san ailtireacht fhoriomlán Eurojust atá ann cheana agus ní bhaineann sé ach le ceann amháin de na 30 chineál coireachta tromchúisí a bhfuil Eurojust inniúil chun déileáil leo. Déanfar measúnú ar chomhsheasmhacht ról comhlántach Eurojust agus Europol faoin Rialachán Eurojust atá i bhfeidhm. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht neamhspleách ar chur chun feidhme Rialachán Eurojust agus ar ghníomhaíochtaí Eurojust faoin 13 Nollaig 2024 i gcomhréir le hAirteagal 69(1) de Rialachán Eurojust.

- **Cearta bunúsacha**

Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha fhorfheidhmiú an dlí agus mar gheall ar ghníomhaíochtaí tacaíochta Eurojust, leagtar béim sa togra ar an ngá atá le comhlíonadh iomlán na gceart bunúsach mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') a áirithiú, go háirithe an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint[6] agus an ceart go ndéanfaí an saol príobháideach a urramú[7]. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an méid sin ós rud é go mbaineann an togra le sonraí pearsanta íogaire a bhaineann le himscrúduithe agus ionchúisimh choiriúla a phróiseáil.

[5] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta, COM(2021) 757 final, 1.12.2021.

[6] Airteagal 8 den Chairt.

[7] Airteagal 7 den Chairt.

Soiléirítear sa togra go mbeidh feidhm ag forálacha reatha Rialachán Eurojust ina leagtar amach córas láidir cosanta sonraí Eurojust maidir leis an áis uathoibrithe um bainistiú agus stóráil sonraí ina ndéanfar anailís agus caomhnú ar fhianaise a bhaineann le croíchoireanna idirnáisiúnta, cé is moite de na rialacha sin atá nasctha go díreach le dearadh teicniúil an chórais bainistithe cásanna, i.e. comhaid oibre shealadacha agus innéacs sealadach. Áirítear leo freisin, i gcomhréir le hAirteagal 26(2) de Rialachán Eurojust, na forálacha maidir le cosaint sonraí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1725.

Ceanglaítear leis an togra freisin go mba cheart do Eurojust dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) ar dtús tar éis dó fógra a fháil ón Oifigeach Cosanta Sonraí ina bhfuil, ar a laghad, tuairisc ghinearálta ar na hoibríochtaí próiseála atá beartaithe, measúnú ar na rioscaí do chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí, na bearta atá beartaithe chun dul i ngleic leis na rioscaí, coimircí agus bearta slándála agus sásraí sin chun cosaint sonraí pearsanta a áirithiú agus chun a thaispeáint go bhfuil Rialachán Eurojust á chomhlíonadh, ag cur san áireamh cearta agus leasanna dlisteanacha na n-ábhar sonraí agus daoine eile lena mbaineann. Rachfar i gcomhairle leis an MECS.

Foráiltear leis an togra gur cheart go gcomhlíonfadh an tsaoráid uathoibrithe um bainistiú agus stóráil sonraí na caighdeáin is airde ó thaobh na cibearshlándála de.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Bheadh tionchar ag an togra seo ar bhuiséad Eurojust agus ar riachtanais na mball foirne. Faoin ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra, meastar go mbeadh gá le EUR 15 705 milliún sa bhreis don tréimhse 2022-2027 chun ligean do Eurojust na cúraimí dá bhforáiltear sa togra seo a dhéanamh. Áirítear leis sin na costais a bhaineann leis an áis uathoibrithe bainistithe sonraí agus stórála sonraí a bhunú agus a bhainistiú (thart ar EUR 500 000 in aghaidh na bliana) agus na costais a bhaineann leis na hacmhainní daonna is gá chun í a láimhseáil.

Meastar go mbeadh gá le 16 phost bhreise, lena n-áirítear saineolaithe maidir le comhar breithiúnach, dlítheangeolaithe, anailísithe, saineolaithe dlí, oifigigh slándála TFC, oifigigh idirchaidrimh leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus oifigigh riaracháin. Mar gheall ar phráinn an cháis, ba cheart na poist sin a líonadh a luaithe is féidir.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is iondúil gurb é raon leathan páirtithe leasmhara éagsúla a dhéanann fianaise ar chroíchoireanna idirnáisiúnta a bhailiú, a chaomhnú agus a anailísiú, mar atá faoi láthair i gcomhthéacs na cogaíochta leanúnaí san Úcráin: Údaráis náisiúnta, comhlachtaí an Aontais, lena n-áirítear gníomhaireachtaí CGB, misin faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eintitis phríobháideacha, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

Sa chomhthéacs sin, ba cheart Eurojust a bheith in ann an fhianaise atá ar fáil do na húdaráis phoiblí a lárú agus na caighdeáin slándála agus inrianaitheachta is airde á gcur i bhfeidhm aige. D’fhéadfadh an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta nó aon chúirt nó sásra eile a bunaíodh chun na críche sin faisnéis agus fianaise (fisiceach agus leictreonach) den sórt sin a úsáid le haghaidh cásanna coiriúla os comhair na gcúirteanna náisiúnta agus le haghaidh

ionchúiseamh. Níl sé d'aidhm ag an togra, áfach, aon oibleagáid a thabhairt isteach ar údaráis náisiúnta faisnéis agus fianaise den sórt sin a chomhroinnt.

Le hAirteagal 1(1) leathnaítear go sainráite feidhmeanna oibríochtúla Eurojust maidir le fianaise a bhailiú, a anailísiú, a chaomhnú agus a roinnt chun tacú le himscrúduithe agus le hionchúisimh croíchoireanna idirnáisiúnta, go háirithe cinedhíothú, coireanna in aghaidh na daonnachta, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara i gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Rialachán Eurojust. Tá an tacaíocht anailíseach arna soláthar ag Eurojust ar cheann de na príomhchúraimí oibríochtúla a dhéanann Eurojust cheana féin agus déantar í a neartú tuilleadh leis an togra seo. Is féidir le Eurojust tacú le húdaráis inniúla na mBallstát anailís a dhéanamh ar fhianaise, go háirithe a mhéid a bhaineann le measúnú ar bharántúlacht agus iontaofacht fianaise a bhaineann le fíorais atá faoi réir imscrúduithe agus ionchúisimh leanúnacha, lena n-áirítear iad siúd a dtacaíonn Eurojust leo, chun inghlacthacht fianaise den sórt sin ina dhiaidh sin i gcúirteanna náisiúnta nó idirnáisiúnta nó i sásraí coibhéiseacha a áirithiú. Faoi Rialachán Eurojust, féadfaidh Eurojust fianaise a tharchur cheana féin chuig údaráis inniúla náisiúnta agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, i gcomhréir leis na forálacha lena leagtar amach creat Eurojust um chosaint sonraí, agus an fhianaise sin a stóráil ar bhonn sealadach mar thacaíocht d'imscrúduithe agus d'ionchúisimh náisiúnta. Soiléirítear in Airteagal 1(1) go bhfuil feidhm ag an gcreat atá ann cheana freisin maidir le fianaise arna bailiú, arna stóráil agus arna hanailísiú sa tsaoráid uathoibrithe um bainistiú agus stóráil sonraí lasmuigh den chóras bainistithe cásanna.

Ós rud é nach bhfuil an cumas teicniúil ag córas bainistithe cásanna Eurojust faoi láthair fianaise maidir le croíchoireanna idirnáisiúnta a lárú ar bhealach éifeachtúil slán, is é is aidhm d'Airteagal 1(2) na modhanna oibríochtúla a chur ar fáil do Eurojust chun a chúraimí tacaíochta agus comhordaithe a dhéanamh maidir leis na coireanna sin go dtí go mbunófar an córas nua bainistithe cásanna agus go mbeidh sé ag feidhmiú go hiomlán. Chuirfeadh sé sin ar chumas Eurojust a chuid cúraimí thuasluaite a dhéanamh roimh ré, lena n-áirítear maidir leis na croíchoireanna idirnáisiúnta ar dócha go ndéanfar iad san Úcráin. Cuirtear san áireamh leis an bhforáil seo íogaireacht na sonraí atá le próiseáil agus an gá atá lena gcosaint a áirithiú.

Is iondúil go mbíonn fianaise ríthábhachtach maidir le croíchoireanna idirnáisiúnta ar fáil i bhfoirm taifeadtaí fuaime agus físeán. D'fhéadfadh íomhánna satailíte a bheith úsáideach freisin chun déanamh na gcoireanna sin a léiriú. Ar an gcúis sin, is cosúil gur gá síneadh a chur leis na catagóirí sonraí ar féidir le Eurojust iad a phróiseáil go dlíthiúil agus Iarscríbhinn II de Rialachán Eurojust a leasú dá réir (Airteagal 1(3)).

2022/0130 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le fianaise a bhailiú, a chaomhnú agus a anailísiú in Eurojust ar fianaise í a bhaineann le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus le coireanna cogaidh**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 85 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] bunaíodh Eurojust agus leagtar amach ann a chúraimí, inniúlacht agus feidhmeanna.

(2) Tá Eurojust inniúil i leith na gcineálacha coireachta tromchúisí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1727, lena n-áirítear cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh. I gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Rialachán (AE) 2018/1727, cumhdaítear faoi inniúlacht Eurojust freisin cionta coiriúla a bhaineann leis na cionta coiriúla a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) An 24 Feabhra 2022, thosaigh an Rúis ag tabhairt fogha míleata faoin Úcráin. Tá bonn réasúnach ann chun a chreidiúint go ndearnadh coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh san Úcráin agus go bhfuil siad á ndéanamh san Úcráin i gcomhthéacs na cogaíochta atá ann faoi láthair.

(4) I bhfianaise thromchúis na staide, ba cheart don Aontas gach beart is gá a dhéanamh, mar ábhar práinne, chun a áirithiú go dtabharfar na déantóirí coireanna sin san Úcráin faoi réim an cheartais.

(5) Tá tús curtha ag seirbhísí ionchúisimh i roinnt Ballstát agus san Úcráin chomh maith le himscrúduithe maidir leis na himeachtaí san Úcráin, nuair is iomchuí, ag brath ar thacaíocht ó Eurojust. Thug Eurojust comhaontú maidir le comhar leis an Úcráin i gcrích an 27 Meitheamh 2016. I gcomhréir leis an gcomhaontú sin, déantar ionchúisitheoir idirchaidrimh de chuid na hÚcráine a phostú chuig Eurojust chun comhar idir Eurojust agus an Úcráin a éascú.

(6) I gcomhréir le Reacht na Róimhe[9], tá an chumhacht ag an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a dlínse a fheidhmiú ar dhaoine aonair atá freagrach as na coireanna is

[8] Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus a ghabhann ionad Chinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an cinneadh sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 138).

tromchúisí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta iad, dá dtagraítear i Reacht na Róimhe. Comhlánaíonn dlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta dlínsí coiriúla náisiúnta. D'fhógair Oifig Ionchúisitheora na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta go bhfuil sí ag leanúint ar aghaidh le himscrúdú a oscailt faoin staid san Úcráin.

(7) De bharr chur i bhfeidhm phrionsabal na dlínse uilíche i roinnt Ballstát agus de bharr chineál comhlántach dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, is den tábhacht é comhordú agus malartú fianaise idir údaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh i ndlínsí éagsúla agus leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta freisin, nó le cúirt, binse nó sásra eile a bunaíodh chun na críche sin, ionas go n-áiritheofar éifeachtacht imscrúduithe agus ionchúiseamh maidir le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh agus cionta gaolmhara, lena n-áirítear na cionta agus na coireanna sin a bhféadfadh sé go bhfuil siad á ndeanamh san Úcráin i gcomhthéacs na cogaíochta atá ann faoi láthair.

(8) Chun a áirithiú go ndéanfar an fhianaise agus na dea-chleachtais a bhaineann le cinedhíothú a ionchúiseamh, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh a chomhroinnt le húdaráis bhreithiúnacha náisiúnta agus idirnáisiúnta, ba cheart do Eurojust feabhas a chur ar a chomhar le cúirteanna coiriúla, le binsí agus leis na sásraí arna mbunú chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar an dlí idirnáisiúnta. Chun na críche sin, ba cheart do Eurojust dlúthchomhar a bhunú leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus le haon chúirt, binse nó sásra eile arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar choireanna a dhéanann difear don tsíocháin agus don tsábháilteacht idirnáisiúnta. Dá réir sin, ba cheart do Eurojust forghníomhú iarrataí a éascú freisin ar chomhar breithiúnach ón gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta nó ó chúirteanna, binsí nó sásraí coiriúla speisialta maidir le fianaise a bhaineann le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara.

(9) Ní féidir fianaise a bhaineann le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh a stóráil go sábháilte ar an gcríoch ina gcuirtear an chogaíocht ar siúl, mar atá i gcás na fianaise a bhaineann leis an gcogaíocht leanúnach san Úcráin. Dá bhrí sin, is gá stóras lárnach. Maidir le fianaise arna bailiú ag gníomhaireachtaí agus comhlachtaí de chuid an Aontais agus ag údaráis idirnáisiúnta nó ag tríú páirtithe amhail eagraíochtaí na sochaí sibhialta, d'fhéadfadh sé go mbeadh áit stórála lárnach ag teastáil freisin chun go mbeidh rochtain ag na húdaráis bhreithiúnacha inniúla uirthi.

(10) Tá an saineolas agus an taithí ag Eurojust chun tacú le himscrúduithe agus ionchúisimh coireanna trasteorann, lena n-áirítear cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara. Áirítear leis sin fianaise a chaomhnú, a anailísiú agus a stóráil a mhéid a bhaineann le chomh hinghlactha atá an fhianaise os comhair na gcúirteanna agus chomh hiontaofa atá sí freisin.

(11) Trí fhianaise a bhaineann le bunchoireanna idirnáisiúnta a bhailiú, a chaomhnú agus a anailísiú, agus nuair is gá agus nuair is iomchuí, trí malartú na fianaise sin a chumasú, féadfaidh Eurojust tacú le bunú cásanna, agus fianaise a bhailiú dóibh, in imscrúduithe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tacaíocht bhreise a chur ar fáil do na húdaráis inniúla náisiúnta agus idirnáisiúnta. Go háirithe, d'fhéadfadh fianaise den sórt sin a bheith an-luachmhar chun iontaofacht fianaise ó finnéithe a shuí.

---

[9] Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta.

(12) Ba cheart saoráid nua stórála shealadach a bhunú le go bhféadfaí stóráil, anailís agus caomhnú den sórt sin a dhéanamh. Ós rud é go bhfuil géarghá le fianaise den sórt sin a stóráil, is gá do Eurojust í a stóráil i saoráid uathoibrithe um bainistiú agus stóráil sonraí lasmuigh den chóras bainistithe cásanna, go dtí go mbeidh an córas nua bainistithe cásanna ag feidhmiú ina iomláine. Ba cheart go mbeadh feidhm ag na rialacha ginearálta ón gCaibidil ar leith de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla gan dochar do na rialacha sonracha maidir le cosaint sonraí atá i Rialachán (AE) 2018/1727. Ba cheart an tsaoráid uathoibrithe um bainistiú agus stóráil sonraí a chomhtháthú sa chóras nua bainistithe cásanna, a meastar go mbunófar é faoin togra le haghaidh Rialachán maidir le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta[10].

(13) Maidir le fianaise i ndáil le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara a stóráil, a anailísiú agus a chaomhnú sa tsaoráid uathoibrithe bainistithe sonraí agus stórála sonraí, chomh maith lena hinrochtaineacht ag na húdaráis bhreithiúnacha inniúla nuair is gá agus nuair is iomchuí, ba cheart dóibh na caighdeáin is airde maidir le cibearshlándáil agus cosaint sonraí a chomhlíonadh, i gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(14) Is féidir íomhánna satailíte, grianghraif, físeáin agus taifeadtaí fuaime a bheith úsáideach chun a léiriú go ndearnadh cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh Eurojust in ann sonraí den sórt sin a phróiseáil agus a stóráil chun na críche sin.

(15) Ba cheart do Eurojust agus Europol comhoibriú go dlúth le chéile i gcomhthéacs a sainorduithe faoi seach, go háirithe a mhéid a bhaineann le próiseáil agus anailís faisnéise i gcomhthéacs chóras tiomnaithe Europol atá ann cheana (ar a dtugtar tionscadal anailíse) maidir le coireanna idirnáisiúnta, chun tacú le húdaráis inniúla agus iad ag imscrúdú agus ag ionchúiseamh an chinedhíothaithe, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara. Dá bhrí sin, féadfaidh Eurojust tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a fuair sé ó Europol agus a chuid feidhmeanna á gcomhlíonadh aige i gcomhréir le hAirteagal 4(1)(j) de Rialachán (AE) 2018/1727. Ba cheart go gcuirfear san áireamh sa comhar sin meastóireacht chomhpháirteach rialta ar shaincheisteanna oibríochtúla agus teicniúla.

(16) [I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.] NÓ [I gcomhréir le hAirteagal 3 agus Airteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an

[10] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le malartú digiteach faisnéise i gcásanna sceimhlitheoireachta, COM(2021) 757 final, 1.12.2021.

Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.]

(17) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le Seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(18) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an XX/XX 20XX,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1727**

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 mar a leanas:

(1) in Airteagal 4(1), cuirtear an pointe seo (j) a leanas leis:

‘(j) tacú le gníomhaíocht na mBallstát maidir le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara a chomhrac, lena n-áirítear trí fhianaise a bhailiú, a chaomhnú agus a anailísiú a bhaineann leis na cionta coiriúla sin , agus, nuair is gá agus nuair is iomchuí, a áirithiú go bhféadfaí an fhianaise sin a mhalartú nó a chur ar fáil ar bhealach eile do na húdaráis bhreithiúnacha inniúla náisiúnta agus idirnáisiúnta, go háirithe an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta’

(2) In Airteagal 80, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘(8) De mhaolú ar Airteagal 23(6), féadfaidh Eurojust sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointe (j), a dhéanamh i saoráid uathoibrithe um bainistiú agus stóráil sonraí lasmuigh den chóras bainistithe cásanna. Cloífidh an tsaoráid uathoibrithe um bainistiú agus stóráil sonraí leis na caighdeáin cibearshlándála is airde. Ní mór dul i gcomhairle le MECS roimh ré sula ndéanfar an tsaoráid uathoibrithe um bainistiú agus stóráil sonraí a oibriú. Tabharfaidh MECS a thuairim laistigh de dhá mhí tar éis dó fógra a fháil ón Oifigeach Cosanta Sonraí.

Beidh na heilimintí seo a leanas ar a laghad san fhógra ón Oifigeach Cosanta Sonraí:

(a) tuairisc ghinearálta ar na hoibríochtaí próiseála atá beartaithe;

(b) measúnú ar na rioscaí do chearta agus do shaoirsí na n-ábhar sonraí;

(c) na bearta atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin;

(d) coimircí, bearta slándála agus sásraí chun cosaint sonraí pearsanta a áirithiú agus chun a thaispeáint go bhfuil an Rialachán seo á chomhlíonadh, agus cearta agus leasanna dlisteanacha na n-ábhar sonraí agus daoine eile lena mbaineann á gcur san áireamh.

Beidh feidhm ag forálacha cosanta sonraí an Rialacháin seo maidir le próiseáil sonraí sa tsaoráid uathoibrithe um bainistiú agus stóráil sonraí a mhéid is nach mbaineann siad go díreach le bunú teicniúil an chórais bainistithe cásanna i gcomhréir le hAirteagal 23(1) den Rialachán seo. Maidir leis na sonraí arna stóráil sa tsaoráid

uathoibrithe um bainistiú agus sa tsaoráid stórála, déanfar na cearta rochtana agus na teorainneacha ama a bhaineann leo a nascadh leis an rochtain ar na comhaid oibre shealadacha, a bhfuil na sonraí á stóráil i dtaca leo.

Tiocfaidh deireadh leis an maolú dá bhforáiltear sa mhír seo nuair a bheidh an córas nua bainistithe cásanna i bhfeidhm. Socróidh an Coimisiún an dáta a bheidh an córas nua bainistithe cásanna i bhfeidhm le cinneadh a fhoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*'

(3) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(n):

'(n) próifílí DNA a fhaightear ón gcuid neamhchódaithe de DNA, de ghrianghraif agus de mhéarloirg agus, i ndáil leis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(j), físeáin agus taifeadtaí fuaime.'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2(f):

'(f) tuairisc agus cineál na gcionta a bhaineann leis an duine lena mbaineann, an dáta agus an suíomh ina ndearnadh na cionta, catagóir choiriúil na gcionta, agus, maidir leis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(j), faisnéis a bhaineann le hiompar coiriúil, lena n-áirítear taifeadtaí fuaime, físeáin, íomhánna satailíte agus grianghraif agus dul chun cinn na n-imscrúduithe;'

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH ‘GNÍOMHAIREACHTAÍ’

# CLÁR


1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ..... 16

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ..... 16

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann ..... 16

1.3. Baineann an togra le ..... 16

1.4. Cuspóirí ..... 16

1.4.1. Cuspóirí ginearálta ..... 16

1.4.2. Cuspóirí sonracha ..... 17

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo ..... 17

1.4.4. Táscairí feidhmíochta ..... 17

1.5. Forais an togra/tionscnaimh ..... 17

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh ..... 17

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d’fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn ‘breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin. ..... 17

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ..... 18

1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ..... 19

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ..... 19

1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh ..... 20

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe ..... 20

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ..... 21

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ..... 21

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe ..... 21

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe ..... 21

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ..... 22

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas ‘costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú’) agus measúnú ar an leibhéal

riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh) ........ 22
2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc ........ 22
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH ........ 23
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar ........ 23
3.2. An tionchar a mheastar a bheidh aige ar chaiteachas ........ 24
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas 25
3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe [comhlachta] 26
3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar acmhainní daonna [comhlachta] ........ 27
3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha ........ 32
3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe ........ 32
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam ........ 33

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727, a mhéid a bhaineann le fianaise a bhailiú, a chaomhnú agus a anailísiú i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) ar fianaise í a bhaineann le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus le coireanna cogaidh

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

An réimse beartais: An ceartas agus cearta bunúsacha

Gníomhaíocht: Infheistíocht i ndaoine, comhtháthú sóisialta agus luachanna

071007: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust)

### 1.3. Baineann an togra le

☑ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[11]

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

Bunaíodh Eurojust mar chomhlacht idir-rialtasach chun imscrúduithe ar agus ionchúisimh choireacht thromchúiseach trasteorann san Eoraip agus i gcéin a chomhordú le Cinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle. Tá Conradh Liospóin tar éis struchtúr colúnach an Aontais Eorpaigh a dhíothú agus réimse na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais a chur ar chomhréim leis an *acquis communautaire*. Le Rialachán (AE) 2018/1727 ('Rialachán Eurojust'), a glacadh faoi Airteagal 85 CFAE, bunaíodh creat dlíthiúil nua do Ghníomhaireacht nua an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust).

Mar mhol an Aontais Eorpaigh le haghaidh comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, tacaíonn Eurojust leis na húdaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh i ndáil le coireacht thromchúiseach a bhfuil Eurojust inniúil chun déileáil léi i gcomhréir le Rialachán Eurojust. I measc nithe eile, is coireanna iad cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh (dá ngairtear 'croíchoireanna idirnáisiúnta' freisin) a bhfuil Eurojust inniúil déileáil leo.

Léirigh na himeachtaí a tharla le déanaí a bhaineann le hionradh na Rúise ar an Úcráin go raibh géarghá le cur ar chumas Eurojust fianaise a bhailiú, a chaomhnú agus anailís a dhéanamh uirthi maidir le cinedhíothú, coireanna cogaidh, agus coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus cionta coiriúla gaolmhara, agus í a chur ar fáil do na húdaráis inniúla, náisiúnta nó idirnáisiúnta.

[11] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

I bhfianaise an méid sin, is é cuspóir ginearálta an togra seo a chur ar chumas Eurojust an cúram breise sin a dhéanamh trí shaoráid shealadach uathoibrithe um bainistiú agus stóráil sonraí a bhunú lasmuigh den chóras bainistithe cásanna.

1.4.2. *Cuspóirí sonracha*

Tagann an cuspóir sonrach ón gcuspóir ginearálta mar a leagtar amach thuas:

Cuspóir sonrach Uimh. 1: Cur ar chumas Eurojust fianaise a bhailiú, a chaomhnú agus anailís a dhéanamh uirthi maidir le cinedhíothú, coireanna cogaidh, agus coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus cionta coiriúla lena mbaineann, agus, nuair is gá agus nuair is iomchuí, chun a chumasú í a mhalartú nó a chur ar fáil ar bhealach eile do na húdaráis inniúla náisiúnta agus idirnáisiúnta.

1.4.3. *An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Táthar ag súil go gceadóidh an tionscnamh, go dlíthiúil agus go teicniúil, do Eurojust fianaise ar chroíchoireanna idirnáisiúnta a bhailiú, a chaomhnú, anailís a dhéanamh uirthi agus, nuair is gá agus is iomchuí, í a tharchur trí shaoráid shealadach uathoibrithe um bainistiú agus stóráil sonraí a bhunú lasmuigh den chóras bainistithe cásanna.

1.4.4. *Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

– An méid faisnéise arna seoladh ag daoine aonair, ag na Ballstáit, ag tríú tíortha, ag eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ag gníomhaithe ábhartha eile;
– Líon na n-ionchúiseamh bunaithe ar fhianaise atá stóráilte sa chóras;
– Líon na faisnéise arna seoladh ó Eurojust chuig na Ballstáit;
– Líon na gcásanna oibriúcháin a dtacaítear leo.

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Beidh gá le bearta teicniúla agus nós imeachta ar leibhéal an Aontais le haghaidh chur chun feidhme céimneach an tionscnaimh reachtaigh, a gcuirfear tús leis nuair a thiocfaidh an reachtaíocht athbhreithnithe i bhfeidhm.

Is iad seo a leanas na príomhcheanglais a leanann theacht i bhfeidhm an togra:

– Cuirfidh Eurojust an córas nua chun feidhme lenar féidir an fhianaise a bhailítear a stóráil agus a bhainistiú.
– Gheobhaidh Eurojust fianaise ó pháirtithe leasmhara ábhartha (i.e. Ballstáit, daoine aonair, tríú Stáit, eagraíochtaí neamhrialtasacha…).
– Tabharfaidh Eurojust cead le go mbeidh rochtain ag na Ballstáit ar an bhfianaise le húsáid sin le linn imscrúduithe agus ionchúiseamh a dhéanamh ar chinedhíothú, ar choireanna in aghaidh an chine dhaonna, ar choireanna cogaidh agus ar chionta coiriúla gaolmhara.

Mar gheall ar an ngéarghá atá ann a áirithiú go mbeidh Eurojust in ann na cúraimí sin a dhéanamh cheana féin maidir leis na croíchoireanna idirnáisiúnta a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcomhthéacs na cogaíochta atá san Úcráin faoi láthair, cuirfidh Eurojust an bunachar sonraí chun feidhme in 2022 agus cuirfidh sé tús leis an mbailiú agus déanfaidh sé an fhianaise a bhainistiú cheana féin in 2022.

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

An 24 Feabhra 2022, chuir an Rúis tús le hionradh míleata ar an Úcráin. Tá foras réasúnta ann lena chreidiúint go ndearnadh coireanna cogaidh agus coireanna in aghaidh an chine dhaonna san Úcráin agus go bhfuiltear á ndéanamh san Úcráin fós. An 2 Márta 2022, d'fhógair Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta go raibh sé ag leanúint ar aghaidh le himscrúdú a thosú faoin staid san Úcráin. Tá tús curtha ag na seirbhísí ionchúisimh i roinnt Ballstát agus san Úcráin freisin le himscrúduithe ar chroíchoireanna idirnáisiúnta, a dtacaíonn Eurojust le roinnt díobh agus a ndéanann Eurojust comhordú orthu. Tá saineolas agus taithí ag Eurojust chun tacú le himscrúduithe agus ionchúisimh chroíchoireanna idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí na Foirne Comhpháirtí um Imscrúdú a éascú, amhail an ceann a bhunaigh roinnt Ballstát agus an Úcráin i gcomhthéacs na cogaíochta san Úcráin faoi láthair.

Tá na húdaráis náisiúnta ag bailiú fianaise ar na croíchoireanna idirnáisiúnta a d'fhéadfadh a bheith déanta san Úcráin ag gach páirtí sa choinbhleacht. Mar gheall ar an gcogaíocht leanúnach, ní féidir fianaise a stóráil go daingean san Úcráin. Is gá stóráil lárnach a bhunú, i gcás ina bhféadfaí fianaise arna bailiú ag gníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais, mar aon le húdaráis náisiúnta agus idirnáisiúnta nó tríú páirtithe amhail eagraíochtaí na sochaí sibhialta, a stóráil freisin. Cé go bhforáiltear le Rialachán Eurojust go dtacaíonn Eurojust le gníomhaíocht na mBallstát maidir le coireacht thromchúiseach a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ní cheadaítear go sainráite do Eurojust fianaise a bhailiú, a chaomhnú agus anailís a dhéanamh uirthi i ndáil leis an gcuspóir sin.

Ghlac an Coimisiún an togra seo mar thoradh ar roinnt malartuithe – ar bhonn déthaobhach nó i gcomhthéacs cruinnithe comhchoiteanna – le Eurojust agus leis na húdaráis náisiúnta a bhfuil baint acu le himscrúduithe ar chroíchoireanna idirnáisiúnta, chomh maith le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus eintitis eile de chuid an Aontais amhail Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh san Úcráin. Chuir siad go léir in iúl go bhfuil gá le fianaise a stóráil go lárnach chomh maith leis na srianta atá ar chóras bainistithe cásanna Eurojust faoi láthair agus an tionchar atá acu ar ról Eurojust chun tacú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh i ndáil le croíchoireanna idirnáisiúnta, lena n-áirítear na coireanna sin a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcomhthéacs na cogaíochta reatha san Úcráin, agus chun an comhordú agus an comhar sin a threisiú.

Tá gá leis an togra seo chun saoráid uathoibrithe um bainistiú agus stóráil sonraí a chur ar bun laistigh den Aontas chun fianaise a bhailiú, a chaomhnú agus anailís a dhéanamh uirthi ar bhealach cuí agus dlíthiúil lenar féidir le húdaráis náisiúnta cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, coireanna cogaidh agus cionta coiriúla gaolmhara a ionchúiseamh.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Cuireann an togra leis an ngá atá ann an fhreagairt bhreithiúnach ar na croíchoireanna idirnáisiúnta a chomhordú agus gach cineál saoirse ó phionós i gcoinne lucht déanta na gcoireanna sin a sheachaint. Tá tírdhreach slándála a bhíonn ag síorathrú os comhair na hEorpa. Bhí tionchar i gcónaí ag géarchéimeanna idirnáisiúnta ar an saol Eorpach, agus ar chearta bunúsacha daoine aonair. Is cuid de chatagóir de choireanna an-tromchúiseach coireanna amhail cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh, agus níor cheart nach ngearrfadh pionós ar lucht déanta na gcoireanna sin.

Tá na breithiúna bunaithe ar an smacht reachta, agus níl mórán cásanna ann inar sheachain déantóir coiriúil an ceartas mar gheall ar nós imeachta neamhdhleathach chun an fhianaise a bhailiú nó a bhainistiú.

Tá sé d’aidhm ag an togra seo creat soiléir a bhunú chun an tsaoirse ó phionós sin a chomhrac.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Dlúthchuid de limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chruthú is ea comhar breithiúnach a threisiú i gcúrsaí coiriúla.

Tá gá leis an réiteach práinneach sin le go mbeidh Eurojust in ann na cúraimí nua thuasluaite a fheidhmiú cheana féin i gcomhthéacs na n-imthosca urghnácha atá ann faoi láthair a bhaineann leis an gcogaíocht leanúnach san Úcráin. A luaithe a fhormheasfar an togra chun Rialachán Eurojust a leasú maidir le malartú sonraí i ndáil le cásanna sceimhlitheoireachta, féadfar an tsaoráid nua uathoibrithe um bainistiú agus stóráil sonraí a chomhchuimsiú sa chóras nua bainistithe cásanna.

Leag Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh um Aontas Slándála, a foilsíodh mí Iúil 2020, béim ar an nasc idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach agus ar thábhacht an chomhair chun cearta na saoránach a chosaint go héifeachtach. Is sampla soiléir é an togra seo den chaoi a bhfuil gá le saoráid bhainistíochta agus stórála chun cosaint a thabhairt do cheann de na cearta is tábhachtaí atá ag na saoránaigh, an ceart chun beatha.

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Ó tháinig Rialachán Eurojust i bhfeidhm, tá treocht ann i dtreo fás ar shreafaí sonraí na gníomhaireachta agus ar an éileamh ar a cuid seirbhísí.

Tá an Coimisiún ar an eolas faoi shrianta airgeadais Eurojust agus faoin impleacht acmhainní a bhaineann leis an iarraidh phráinneach seo mar gheall ar an bhfogha a thug an Rúis faoin Úcráin.

Leis an togra seo, tabharfar isteach cúraimí teoranta nua i Rialachán Eurojust, lena ndírítear ar Eurojust a chur in oiriúint don ré dhigiteach, agus cuirfear ar a chumas an ról níos láidre atá beartaithe dó i Rialachán Eurojust a chomhlíonadh chun tacú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta a dhéanann coireacht thromchúiseach a imscrúdú agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear coireanna cogaidh, cinedhíothú agus coireanna in aghaidh an chine dhaonna, agus chun an comhordú agus an comhar sin a threisiú. Ní bheifear in ann an togra seo a chur chun feidhme gan na hathneartuithe airgeadais agus daonna is gá.

Is é EUR 15,705 M a dhéanfar é a mhaoiniú ón éarlais faoi cheannteideal 2b den CAI.

1.6. **Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

☐ **tréimhse theoranta**

– ☐ Tá an togra/tionscnamh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

☑ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. **Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[12]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún trí

– ☐ na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☑ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☑ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71;

☐ comhlachtaí dlí poiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Barúlacha

Áirítear ar na figiúirí maidir le hacmhainní airgeadais agus daonna an méid iomlán atá beartaithe do chur chun feidhme teicniúil na saoráide uathoibrithe um bainistiú agus stóráil sonraí, agus na costais oibriúcháin a bhaineann le roinnt de na cásanna is féidir a nascadh léi.

[12] Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

Beidh faireachán agus meastóireacht ar chur chun feidhme dhigiteáil mhalartú sonraí na gníomhaireachta tábhachtach chun éifeachtúlacht Eurojust a áirithiú. Maidir leis an bhfaireachán agus an tuairisciú a dhéanfar ar an togra, leanfar na prionsabail a leagtar amach i Rialachán Eurojust[13] agus i gcomhréir leis an Ráiteas Comhpháirteach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe[14].

Sa bhreis ar na rialacha rialachas cothrománach is infheidhme ar ghníomhaireachtaí, ní mór do Eurojust Doiciméad Clársceidealaithe Aonair a sheoladh chuig an gCoimisiún, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle go sonrach gach bliain, ina mbíonn cláir oibre bhliantúla agus ilbhliantúla agus clársceidealú acmhainní. Leagfar amach sa doiciméad clársceidealaithe aonair na cuspóirí, na torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus na táscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar ghnóthachtáil na gcuspóirí agus na dtorthaí.

Déanann Eurojust a chuid oibre a thuairisc i dtuarascáil mhionléirithe bhliantúil. Tarchuireann Eurojust an tuarascáil bhliantúil sin chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig na parlaimintí náisiúnta. Ina theannta sin, cuireann Eurojust Parlaimint na hEorpa agus na parlaimintí náisiúnta ar an eolas faoi socruithe oibre arna dtabhairt i gcrích le tríú páirtithe.

Coimisiúnóidh an Coimisiún meastóireacht sheachtrach neamhspleách ar chur chun feidhme an Rialacháin agus ar ghníomhaíochtaí Eurojust faoin 13 Nollaig 2024 agus gach 5 bliana tar éis sin chun cur chun feidhme agus tionchar an Rialacháin, chomh maith le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht Eurojust a mheas (Airteagal 69 (1) de Rialachán Eurojust).

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Ós rud é go mbeidh tionchar ag an togra ar ranníocaíocht bhliantúil an Aontais chuig Eurojust, cuirfear buiséad an Aontais chun feidhme trí bhainistíocht indíreach.

De bhun phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, cuirfear buiséad Eurojust chun feidhme i gcomhréir le rialú inmheánach éifeachtach agus éifeachtúil.

Maidir le rialuithe ex-post, tá Eurojust, mar ghníomhaireacht dhíláraithe, faoi réir an méid seo a leanas go háirithe:

– iniúchadh inmheánach arna dhéanamh ag an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach de chuid an Choimisiúin;

– tuarascálacha bliantúla ón gCúirt Iniúchóirí, lena dtugtar ráiteas dearbhaithe maidir le hiontaofacht na gcuntas bliantúil agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n- idirbheart is bun leo;

– urscaoileadh bliantúil a dheonaíonn Parlaimint na hEorpa;

[13] Rialachán (AE) 2018/1727

[14] https://europa.eu/european-union/sites/default/files/docs/body/joint_statement_and_common_approach_2012_en.pdf.

– imscrúduithe féideartha arna ndéanamh ag OLAF chun a áirithiú, go háirithe, go mbainfear úsáid cheart as na hacmhainní a leithdháiltear ar ghníomhaireachtaí;

– ar deireadh, cuireann an tOmbudsman Eorpach sraith bhreise rialúcháin agus cuntasachta ar fáil ag Eurojust

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Níor sainaithníodh aon riosca sonrach maidir le córais bainistíochta agus rialaithe ag an gcéim seo. Tá Eurojust faoi réir rialuithe riaracháin lena n-áirítear rialú buiséadach, iniúchóireacht inmheánach, tuarascálacha bliantúla ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus an urscaoileadh bliantúil chun buiséad an AE a fheidhmiú mar a leagtar amach thuas.

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Tuairiscíonn an Coimisiún ar an gcóimheas 'costais/íocaíocht rialaithe na gcistí gaolmhara arna mbainistiú'. Tuairiscítear i dTuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí 2021 AS JUST gurb é 0.53 % an cóimheas i ndáil le hEintitis a gCuirtear Bainistíocht Indíreach de Chúram Orthu agus Gníomhaireachtaí Díláraithe, agus Eurojust san áireamh.

Dheimhnigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) dlíthiúlacht agus rialtacht chuntais bhliantúla Eurojust le haghaidh 2020, lena dtugtar ráta earráide faoi bhun 2 % le fios. Ní thugann aon ní le fios go n- éireoidh an ráta earráide sin níos measa sna blianta amach romhainn.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Léirítear na bearta a bhaineann leis an gcalaois, an éillithe agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a chomhrac, inter alia, in Airteagal 75 de Rialachán Eurojust. Glacfaidh Eurojust páirt go háirithe i ngníomhaíochtaí coisctheacha i ndáil le calaois ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas gan mhoill faoi chásanna ina dtoimhdítear calaois agus neamhrialtachtaí airgeadais eile.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[15] | ó thíortha de chuid CSTE[16] | ó thíortha is iarrthóirí[17] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 2b | 071007 | LD/LN. | NÍL | NÍL | TÁ | NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN. | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | [XX.YY.YY.YY] | | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

15 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
16 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
17 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh aige ar chaiteachas

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Uimhir | Ceannteideal 2b-Infheistíocht i nDaoine, Comhtháthú Sóisialta agus Luachanna |
|---|---|---|

| Eurojust | | | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1: Caiteachas foirne | Gealltanais | (1) | 1,081 | 2,204 | 2,248 | 2,293 | 2,339 | 2,386 | **12,551** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 1,081 | 2,204 | 2,248 | 2,293 | 2,339 | 2,386 | **12,551** |
| Teideal 2: Caiteachas ar bhonneagar agus caiteachas oibríochtúil | Gealltanais | (1a) | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2 a) | | | | | | | |
| Teideal 3: Caiteachas oibríochtúil | Gealltanais | (3 a) | 0,500 | 0,510 | 0,520 | 0,530 | 0,541 | 0,552 | **3,154** |
| | Íocaíochtaí | (3b) | 0,500 | 0,510 | 0,520 | 0,530 | 0,541 | 0,552 | **3,154** |
| **IOMLÁN leithreasuithe do Eurojust** | Gealltanais | =1+1a +3a | 1,581 | 2,714 | 2,769 | 2,824 | 2,880 | 2,938 | **15,705** |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3b | 1,581 | 2,714 | 2,769 | 2,824 | 2,880 | 2,938 | **15,705** |

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 7 | 'Caiteachas riaracháin' |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AS: <…….> | | | | | | | | | |
| • Acmhainní daonna | | | | | | | | | |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN AS <….>** | Leithreasuithe | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 1,581 | 2,714 | 2,769 | 2,824 | 2,880 | 2,938 | **15,705** |
| | Íocaíochtaí | 1,581 | 2,714 | 2,769 | 2,824 | 2,880 | 2,938 | **15,705** |

*3.2.2. An tionchar a mheastar ar leithreasuithe [comhlachta]*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **2022** | | Bliain **2023** | | Bliain **2024** | | Bliain **2025** | | Bliain **2026** | | Bliain **2027** | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Cineál[18] | Meán chostas | Uimh. | Costas | Uimh. | Costas | Uimh. | Costas | Uimh. | Costas | Uimh. | Costas | Uimh. | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[19]… A chur ar chumas Eurojust fianaise a stóráil, anailís a dhéanamh uirthi agus í a chaomhnú maidir le cinedhíothú, coireanna cogaidh, agus coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus cionta coiriúla gaolmhara | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | Fianaise a stóráil, anailís a dhéanamh uirthi | | | 1,581 | | 2,714 | | 2,769 | | 2,824 | | 2,880 | | 2,938 | | 15.705 |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | **1,581** | | **2,714** | | **2,769** | | **2,824** | | **2,880** | | **2,938** | | **15,705** |

[18] Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

[19] Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar acmhainní daonna [comhlachta]*

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Foirne sealadacha (Gráid AD) | 0,785 | 1,601 | 1,633 | 1,666 | 1,699 | 1,733 | **9,119** |
| Foirne sealadacha (gráid AST) | 0,079 | 0,160 | 0,163 | 0,167 | 0,170 | 0,173 | **0,912** |
| Baill foirne ar conradh | 0,085 | 0,173 | 0,177 | 0,180 | 0,184 | 0,188 | **0,987** |
| Saineolaí náisiúnta ar iasacht | 0,132 | 0,269 | 0,275 | 0,280 | 0,286 | 0,291 | **1,533** |
| **IOMLÁN** | **1,081** | **2,204** | **2,248** | **2,293** | **2,339** | **2,386** | **12,551** |

Riachtanais foirne (FTE):

| | Bliain **2022** | Bliain **2023** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Foirne sealadacha (Gráid AD) | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | **10** |
| Foirne sealadacha (gráid AST) | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | **1** |
| Baill foirne ar conradh | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | **2** |
| Saineolaí náisiúnta ar iasacht | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | **3** |
| **IOMLÁN** | **16** | **16** | **16** | **16** | **16** | **16** | **16** |

Tá dátaí earcaíochta beartaithe in 2022 do lár na bliana. Ní dhearnadh aon toimhde maidir leis an gcomhéifeacht cheartúcháin is infheidhme maidir leis an Ísiltír, agus níl ann ach méadú féideartha 2 % ar innéacsú na dtuarastal.

<u>Sonraí maidir le méadú foirne:</u>

| Cuspóir sonrach | Baill foirne bhreise |
|---|---|
| Cuspóir sonrach uimh. 1: A chur ar chumas Eurojust fianaise a stóráil, anailís a dhéanamh uirthi agus í a chaomhnú maidir le cinedhíothú, coireanna cogaidh, agus coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus cionta coiriúla gaolmhara | 3* Tá gá le Saineolaithe um Chomhar Breithiúnach chun cúlra ionchúisimh agus léargas díreach ar an gcóras breithiúnach/na córais bhreithiúnacha ábhartha agus ar na caighdeáin inghlacthachta fianaise a áirithiú.<br><br>*Líon measta FTEnna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):*<br>*2022: +3* |
| | 3* Tá gá le dlítheangeolaí chun scileanna teanga ábhartha a áirithiú chun tacú le haistriúcháin agus le hanailís sonraí.<br><br>*Líon measta FTEnna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):*<br>*2022: +3* |
| | 3* Tá gá le hanailísithe chun méid mór sonraí a bhfuiltear ag súil leo a bhainistiú, chun tacú le mianadóireacht sonraí agus le struchtúrú faisnéise ó ráitis finné agus íospartaigh.<br><br>*Líon measta FTEnna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):*<br>*2022: +3* |
| | 2* Tá gá le saineolaithe dlí chun saineolas ar chroíchoireanna idirnáisiúnta agus ar aisghabháil sócmhainní a áirithiú.<br><br>*Líon measta FTEnna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):*<br>*2022: +2* |
| | 2* Tá gá le hOifigigh Slándála TFC chun an riosca maidir le cibear-ionsaithe a bhainistiú agus a mhaolú.<br><br>*Líon measta FTEnna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):*<br>*2022: +2* |
| | 1* Tá gá le hOifigeach Idirchaidrimh ICC chun an caidreamh agus na hoibríochtaí a chomhordú leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta<br><br>*Líon measta FTEnna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):*<br>*2022: +1*<br><br>1* Tá gá le hOifigeach Idirchaidrimh d’Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta |

| | |
|---|---|
| | (ESSanna) chun an caidreamh agus na hoibríochtaí a chomhordú leis na ESSanna<br><br>*Líon measta FTEnna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):*<br>*2022: +1* |
| | 1*Tá gá le hOifigeach Tacaíochta Riaracháin chun gach cúram tacaíochta riaracháin a bhainistiú.<br><br>*Líon measta FTEnna a bhfuil gá leo – FTE breise a cheapfar in aghaidh na bliana (neamhcharnach):*<br>*2022: +1* |

3.2.3.2. Ceanglais mheasta na n- acmhainní daonna a mheastar don mháthair- Ard- Stiúrthóireacht

– ☑ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go deachúil amháin ar a mhéad)*

| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| 20 01 02 01 agus 20 01 02 02 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | | | | | | | |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | | | |
| | | | | | | | | |
| • **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[20] | | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | | | | | | | |
| 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna Toscaireachtaí) | | | | | | | | |
| Línte Buiséid (sonraigh)[21] | - sa Cheanncheathrú[22] | | | | | | | |
| | - i dToscaireachtaí | | | | | | | |
| **01 01 01 02** (AC, END, INT – Taighde indíreach) | | | | | | | | |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – taighde díreach) | | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | | |

[20] AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dToscaireachtaí.

[21] Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

[22] Le haghaidh Chistí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Mhuirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) go príomha.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

Ba cheart tuairisc ar ríomh na gcostas le haghaidh aonaid FTE a áireamh in Iarscríbhinn V, roinn 3.

3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– ☐ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☑ Is éard a bheidh sa togra/tionscnamh athshannadh an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil.

| |
|---|
| Is gá leis an togra an corrlach gan leithdháileadh a úsáid faoi cheannteideal 2b den CAI mar a leanas: ar BL 07.1007 – Eurojust – in 2022: EUR 1,581 milliún, in 2023: EUR 2,714 milliún, in 2024: EUR 2,769 milliún, in 2025: EUR 2,824 milliún, in 2026: EUR 2,880 milliún, agus in 2027: EUR 2,938 milliún. |

– ☐ Éilítear leis an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[23].

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– ☑ Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

– Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir leis an gcómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

[23] Féach Airteagail 12 agus 13 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2093/2020 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☑ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[24] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

24 A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.